Dínit · Dea-Ċleaċtas




# Daonlaṫas don Ġaeltaċt

**Moltaí Shinn Fein ar Bhille Údarás na Gaeltachta:
Athstruchtúrú agus Toghcháin a thabhairt ar ais**

Sinn Féin

Sinn Féin's recommendations for the Údarás na Gaeltachta Bill:
Restructuring and Restoring Elections




## Aengus Ó Snodaigh TD

Urlabhraí Gaeilge, Gaeltachta, Ealaíon agus Cultúir
Cathaoirleach, Comhchoiste Oireachtais na Gaeilge,
na Gaeltachta agus Phobail Labhartha na Gaeilge

aengus.osnodaigh@oireachtas.ie
01-6184084

Dínit • Dea-Ċleaċtas

# Daonlaṫas
don
# Ġaeltaċt

Moltaí Shinn Fein ar Bhille Údarás na Gaeltachta:

Athstruchtúrú agus Toghcháin a thabhairt ar ais

## Clár an ábhair


**Clár** ..... **1**

**Réamhrá agus Príomh Moltaí** ..... **2**

***Introduction and Key Recommendations (in English)*** ..... ***4***

Táblaí na dToghcheantar agus Suíochán *(Tables of Constituencies and Seats)* ..... 6

**Ár mbunphrionsabail: 3D don Ghaeltacht** ..... **8**

Dínit ..... 8

Dea-Chleachtas ..... 8

Daonlathas ..... 8

**Toghcháin v Ainmniúcháin** ..... **10**

Má tá ainmniúcháin i gceist ..... 10

**Toghcheantair & Suíocháin: Briseadh Síos** ..... **11**

Ceantair Beaga ..... 11

Gaillimh ..... 11

Oileáin ..... 12

Dáileadh Suíocháin ..... 13

Teorannacha na Gaeltachta ..... 13

**Téarmaí** ..... **14**

**Critéir do Thoghthóirí & Iarrthóirí** ..... **14**

**Cothromaíocht Inscne** ..... **16**

**Cathaoirleach** ..... **17**

**Coistí** ..... **17**

**Cumhachtaí Breise** ..... **18**

**Buiséad** ..... **20**

**Réamhrá agus Príomh Moltaí**

Fáiltíonn Sinn Féin roimh an deis aighneacht a chur isteach ar an ngrinnscrúdú réamhreachtaíochta ar Bhille Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2023 agus é ag teacht os comhair Comhchoiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobail Labhartha na Gaeilge.

Ba mhór an náire é don daonlathas in Éirinn nuair ar chur rialtas Fhianna Fáil agus na Glasaigh toghcháin na bliana 2010 ar scoir, agus náire níos mó arís nuair a rinne rialtas Fhine Gael agus an Lucht Oibre cinneadh deireadh a chur le toghcháin an phobail go hiomlán do Bhord Údarás na Gaeltachta sa bhliain 2012.

Creimeadh a bhí ann ar dhul chun cinn ríthábhachtach a d'eascair ó Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, iarracht guth a chinntiú don phobal mionlaithe dúchasach ina bhforbairt féin, fad is a bhí mionlaithe eile ar fud an domhain ag éileamh cearta sibhialta óna rialtais freisin.

Sheas Sinn Féin in aghaidh an éagóir a rinneadh ag an am, agus tá iarrachtaí déanta againn ó shin sa Dáil agus sa tSeanad é sin a chur ina cheart trí Billí a rith a thabharfadh na toghcháin don Údarás ar ais. Cuireann Sinn Féin fáilte roimhe nár chur an rialtas in aghaidh an Bille ag an dara céim sa Dáil anuraidh, agus go bhfuil a mBille féin curtha anois os comhair an Oireachtas anois ina bhfuil sé i gceist acu toghcháin a thabhairt ar ais faoi dheireadh, in aitheantas don méid a bhí curtha ina leith ní hamháin againne, ach ag muintir na Gaeltachta.

Tá gá le bord tofa, agus ba léir an méid sin ón fíorbheagáin maoiniú tugtha don Údarás i mbuiséad na bliana seo mar shampla. Dúirt iarChathaoirleach an Bhoird, Seán Ó Neachtain, gur toradh an easpa maoiniú seo ar an gcaoi nach bhfuil guth láidir don phobal sa bhord níos mó gur féidir leo stocaireacht a dhéanamh thar cheann mhuintir na Gaeltachta agus maoiniú ceart a lorg ón Rialtas.

Ní shin a rá go raibh Bord an Údaráis foirfe fad is a bhí siad tofa. Fáiltíonn Sinn Féin roimh an deis an plé seo a bheith againn ag Céim an Choiste faoi conas Bord níos éifeachtaí ná ariamh a chur le chéile, agus tabhairt faoi na ceisteanna móra a fhreagairt maidir le moltaí an Rialtais ina mBille féin.

Is iad seo a leanas ár 10 bpríomh moltaí chun struchtúr an Údaráis a fheabhsú:

1. Tionól iomlán tofa don Ghaeltacht;
2. Dáileadh suíocháin don Bhord bunaithe ar dhaonra, ach a chinntíonn ionadaí ar leith do gach ceantar Gaeltachta atá scartha go tíreolaíoch ó limistéir pleanála teanga eile, agus ionadaí breise de réir contae seachas i gcás an Contae is mó daonra;
3. Stádas breathnadóra ar ionadaí oileánda ar an mBord, le malartú thar téarma an Bhoird idir ionadaithe tofa ag na 6 oileáin móra Gaeltachta;
4. Malartú bliantúil ar an gCathaoirleach idir contaetha;
5. Cuótaí inscne do thoghcheantair le 2+ suíocháin;
6. 3 Coistí Réigiúnach & Coiste Straitéiseach;
7. Feidhm mar Eagras Comhairleach Reachtúil i gcás beartais ar bith ag eagrais eile poiblí a bheadh tionchar aige ar inmharthanacht na pobal Gaeltachta, de réir mhúnla na Parlaiminte Sámi, agus plé ar chumhachtaí eile don Údarás;
8. Stádas Breathnadóra do chomhaltaí an bhoird ar údaráis áitiúil;
9. Imscrúdú ar dhualgais ama agus coinníollacha na n-ionadaithe tofa Gaeltachta seo; agus
10. Ardú suntasach ar Bhuiséid an Údaráis.

Tá na moltaí seo ar fad bunaithe ar mhuintir na Gaeltachta a chumhachtú a bhforbairt féin a stiúradh fréamhaithe i dtrí bunphrionsabail, an 3D: Dínit, Dea-Chleachtas, agus Daonlathas.

Tabharfaidh tú faoi deara sa mhúnla Boird samplach leagtha amach thíos (Tábla 1) go n-ardódh ár gcuid moltaí ionadaíocht do gach ceantar Gaeltachta i gcomparáid leis an seanchóras a bhí ann do thoghcháin roimh 2005, agus faigheann siad réidh leis an gcéim ar gcúl molta ag Fianna Fáil, Fine Gael agus na Glasaigh an ionadaíocht daonlathach a laghdú chun cuid Mhic Craith den fhia ó thaobh suíocháin Boird a choimeád do ainmniúcháin an Aire (Tábla 2).

Níl anseo ach dréachtmholtaí áfach, agus fáiltímid roimh aon aiseolas nó tuairimí ón phobal Gaeltachta ar an méid atá leagtha amach sna leathanaigh seo a leanas. Tá súil againn go dtabharfaidh an rialtas éisteacht dúinn áfach le linn don phlé ar an mBille.

Is mise, le meas,

Aengus Ó Snodaigh TD

Urlabhraí Gaeilge, Gaeltachta, Ealaíon agus Cultúir Shinn Féin

**Introduction and Key Recommendations**

Sinn Féin welcomes the opportunity to make a submission on the pre-legislative scrutiny on the Údarás na Gaeltachta (Amendment) Bill 2023 as it comes before the Oireachtas Joint Committee on the Irish language, the Gaeltacht, and the Irish Speaking Community.

It was a great shame for democracy in Ireland when the Fianna Fáil and Green Party Government suspended the elections of 2010, and a greater shame again when the Fine Gael and Labour Government took the decision to abolish elections by the public altogether for the Údarás na Gaeltachta Board in 2012.

This was an erosion on the vital progress that had taken place as a result of the Gaeltacht Civil Rights Movement, an attempt to ensure a voice for our native minoritized community in their own development, just as other minorities throughout the world were also demanding civil rights from their governments.

Sinn Féin stood against that injustice when it took place, and we have attempted to correct it since in both the Dáil and the Seanad by tabling Bills which would have restored the elections to Údarás. Sinn Féin welcomes that the Government did not oppose our Bill at second stage in the Dáil last year, and that they have now brought their own Bill before the Oireachtas that sets out to bring back elections at last, in recognition of what has been said, not just by us but, by the people of the Gaeltacht.

There is a need for an elected Board, and that much is evident for example from the pitiful funding Údarás received in this year's budget. Former Chairperson of the Board, Seán Ó Neachtain, said that the lack of funding was a result of the way in which there is no longer a strong voice for the public on the Board that is able to lobby on behalf of Gaeltacht communities and demand adequate funding from Government.

That's not to say that the Údarás Board was perfect when they were elected. Sinn Féin welcomes the chance to have this discussion at Committee Stage about how to establish a more effective Board than ever before, and to attempt to answer the key questions relating to the Government's proposals in their own Bill.

The following are our 10 key recommendations to improve the structure of Údarás:

1. A fully elected assembly for the Gaeltacht;
2. The distribution of Board seats based on population, but ensuring one specific representative for each Gaeltacht area separated geographically from other language planning areas, and an additional representative per county except in the case of the County with the largest population;
3. Observer status for an island representative on the Board, with rotation over the course of a Board term between representatives elected by the 6 major Gaeltacht islands;
4. Annual rotation of the Chairperson between counties;
5. Gender quotas for any constituency with 2+ seats;
6. 3 Regional Committees & a Strategic Committee;
7. A function as a Statutory Advisory Committee in the case of any important policies by other public bodies which would have an impact on the viability of Gaeltacht communities, following the Sámi Parliament model, and a discussion on other powers for the Údarás;
8. Observer status for Board members on local authorities;

9. An examination of the time obligations and conditions of these elected representatives for Gaeltacht areas; and
10. A substantial increase to the Budget of Údarás.

These recommendations are all based on empowering Gaeltacht people to direct their own development rooted in 3 basic principles: Dignity, Best Practice, and Democracy.

You will see in the sample Board model we outline below (Tábla 1) that our proposals would ensure increased representation for every Gaeltacht area compared to the system that was in place for elections until 2005, and does away with the regressive proposals from Fianna Fáil, Fine Gael and the Green Party to reduce that democratic representation in order to hand the lion's share of seats on the Board to ministerial appointments (Tábla 2).

These are only draft proposals however, and we welcome any feedback or opinions from Gaeltacht communities on what we are proposing in the following pages. We hope that the Government will listen to us during discussions on the Bill.

Is mise, le meas,

Aengus Ó Snodaigh TD


Urlabhraí Gaeilge, Gaeltachta, Ealaíon agus Cultúir Shinn Féin


Tábla 1


| **Tionól samplach,** bunaithe ar shuíochán do gach 5,500 duine de réir Daonáireamh 2016: | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Iomlán faoin sean-chóras 2005** | **Iomlán faoin gcóras molta Rialtais** | *Daonra* | Suíochán de réir Daonra (5,500) | Suíochán don Cheantar (<5,500) | Suíochán don Chontae (< Gaillimh) | **Iomlán faoi chóras Shinn Féin** | *Cúóta Inscne* |
| Dún na nGall | **4** | **2** | *23,346* | 4 | | +1 | **5** | *2* |
| Maigh Eo - Thuaidh (Iorras) | **2** | **1** | *7,199* | 1 | | +1 | **2** | *1* |
| Maigh Eo - Thiar (Acaill) | | | *2,141* | 0 | +1 | | **1** | |
| Gaillimh - Thiar / Maigh Eo - Theas (Conamara) | **6** | **3** | *34,771* | 6 | | | **6** | *3* |
| Gaillimh - Thoir (Eachréidh) | | | *15,799* | 2 | | | **2** | *1* |
| An Mhí | **1** | **1** | *1,857* | 0 | +1 | +1 | **2** | *1* |
| Ciarraí - Thiar (Corca Dhuibhne) | **2** | **1** | *6,948* | 1 | | +1 | **2** | *1* |
| Ciarraí - Theas (Uíbh Ráthach) | | | *1,808* | 0 | +1 | | **1** | |
| Corcaigh | **1** | **1** | *3,932* | 0 | +1 | +1 | **2** | *1* |
| Port Láirge | **1** | **1** | *1,816* | 0 | +1 | +1 | **2** | *1* |
| *Oileáin Gaeltachta** | ***0*** | ***0*** | *1,961** | *0* | *+1* | *n/a* | ***1**** | |
| | | | | | | | | *11/26 (42%)* |
| Ainmniúcháin | **3** | **6** | | | | | **0** | |
| | | | | | | | | |
| Iomlán | **20** | **16** | *99,617* | 14 | +11 | +3 | **25 + *1**** | |


***Nóta:** Toisc go bhfuil vóta ag muintir na n-oileán sna toghcheantair eile cheana féin, ní bheadh vóta ag an ionadaí oileánda seo ar an mBord, ach chun a chinntiú nach ndéanfar neamhaird ar ghuth na n-oileán agus an vóta intíre níos cumhachtaí sna toghcheantair sin, bheadh ról breathnadóra ag ionadaí thar cheann Oileáin, de réir malartu idir ionadaithe tofa.*

| Tábla 2 | | | |
|---|---|---|---|
| | Athruithe ó Thoghcháin 2005 | Moladh an Rialtais | Moladh Shinn Féin |
| Dún na nGall | 4 | -2 | +1 |
| Maigh Eo | 2 | -1 | +1 |
| Gaillimh / Maigh Eo Theas | 6 | -3 | +2 |
| An Mhí | 1 | = | +1 |
| Ciarraí | 2 | -1 | +1 |
| Corcaigh | 1 | = | +1 |
| Port Láirge | 1 | = | +1 |
| *Oileáin* | *0* | *=* | *+1** |
| Ainmniúcháin | 3 | +3 | -3 |




***Nóta:*** *Toisc go mbaineann Deisceart Mhaigh Eo le Dúiche Sheoigheach & Tuar Mhic Éadaigh atá nasctha go tíreolaíoch le Gaeltacht na Gaillimhe, tá sé san áireamh i nGaillimh anseo. Níl ball breathnadóra na n-oileáin, mar atá molta againn, san áireamh toisc nach mbeadh vóta acu ar an mBord.*

Ár mbunphrionsabail: **3D don Ghaeltacht**

**Dínit**

Taobh thiar de Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na 60idí agus na 70idí, bhí coincheap an dínit. Rinneadh dochar do dhínit an phobail Gaeltachta nuair ar scriosadh a ghuth daonlathach idir 2010 agus 2012, agus tá sé thar ama don Stát leithscéal a ghabháil as an éagóir sin. Níl sé sásúil caitheamh le guth tofa an phobail mhionlaigh ar nós gur ghnáthbhord Stáit atá ann, nó go bhfuil sé de cheart ag Aire a rogha duine a ainmniú le suí in ionad guth an phobail. Caithfidh muid dul i ngleic leis an easpa muiníne atá ag pobal na Gaeltachta san Údarás ó baineadh guth an phobail uaidh. Ba chóir príomhchuspóir na Gluaiseachta Chearta Sibhialta a chur i bhfeidhm agus Tionól iomlán tofa a chruthú don Ghaeltacht a bheadh fiacail aige cur isteach ar bheartais an Stáit a bheadh tionchar acu ar inmharthanacht a bpobail. Ní mór dúinn dínit na pobal éagsúil Gaeltachta, go háirithe na ceantair beaga Gaeltachta scartha ón mhórphobal, atá tar éis saibhreas na teanga a shealbhú agus a choimead beo in ainneoin an lámh faighte in uachtar ag an mBéarla sa cheantar mórthimpeall orthu. Déanann moltaí Shinn Féin iarracht sa cháipéis seo an dínit seo a threisiú. Chun an Ghaeilge a tharrtháil mar theanga phobail sa Ghaeltacht, teastaíonn féinmheas agus misneach a chothú, agus na háiseanna cuí idir struchtúir daonlathacha agus maoiniú a sholáthar chun é sin a bhaint amach.

**Dea-Chleachtas**

Tréaslaíonn Sinn Féin BDO as an athbhreithniú déanta acu ar an phróiseas roghnúcháin/toghcháin i nDáil le Bord Údarás na Gaeltachta, ach tuigtear freisin gur dírithe ar chleachtais a bhaineann le boird stáit don chuid is mó a bhí ansin, gan an ceist níos leithne a phlé: conas a chinntiú gur eagras éifeachtach pobalbhunaithe a bheidh ann mar ghuth daonlathach don phobal mhionlaigh. Sin an fáth gur choimisiúnaigh an Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh taighde ó Sheirbhís Leabharlainne agus Taighde an Oireachtais maidir le heagrais fonáisiúnta a dhéanann ionadaíocht thar cheann mionlaigh teangeolaíocha agus eitneacha. I gcomparáid le moladh BDO – bord 13 baill, gan ach 6 tofa – tá 24 comhairleoirí tofa ar Chomhairle Náisiúnta Navajo, 35 feisirí ar Pharlaimint Thíoróil Theas, agus 39 ar Pharlaimint Sámi na hIorua nach ndéanann ionadaíocht ach thar cheann timpeall 40,000 duine. San Fhionlainn, tá Parlaimintí acu féin ag oileáin Åland (30 baill thar cheann mionlach 30,129 duine), agus ag muintir Sámi (21 feisirí thar cheann timpeall 8,000 duine). Bíonn dualgas ar údaráis stáit na Fionlainne idirbheartaíocht a dhéanamh le Parlaimint na Sámi in aon ghnó tabhachtach a feadfadh tionchar a bheith aige ar a stádas mar phobal dúchasach. Luífeadh tionól molta Shinn Féin – 26 baill – leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta agus nósanna na hÉireann, áit a mbíonn idir 18 agus 63 comhairleoirí ar údarás áitiúil, agus idir 3 agus 37 gcomhalta ar bhoird stáit dar leis a bhForas Riaracháin sa bhliain 2016, agus fheidhmeanna mar atá ag Sámi na Fionlainne don Ghaeltacht chun profáil Gaeltachta a dhéanamh ar bheartais an Stáit seo.

**Daonlathas**

Ba chóir go mbeadh an daonlathas ina bhun agus barr don chóras nua roghnúcháin do Bhord an Údaráis. Ní chóir go mbeadh an tAire ag ceapadh aon duine le suí mar bhall ar chomhchéim leis na comhaltaí tofa ag pobail na Gaeltachta. Ní chóir ach oiread go mbeadh cothromaíocht inscne ag braith ar ainmniúcháin: teastaíonn mná Gaeltachta ag dul san iomaíocht agus tofa mar ionadaí áitiúil ar nós Gráinne Mhic Géidigh as Sinn Féin sa bhliain 2005. Caithfear a chinntiú freisin go bhfuil na pobail go léir Gaeltachta in ann a ngutha a chur chun cinn sna toghcháin, agus nach bhfuil siad caillte mar mhionlaigh buan i dtoghcheantair móra, gan deis acu riamh comhalta a thoghadh fiú má tá daonra níos mó acu ná ag toghcheantair iomlán eile. Mar sin, tá Sinn Féin ag moladh ionadaíocht a chinntiú do ceantair scartha agus oileáin, agus malartú a dhéanamh ar ról an Chathaoirligh.


GLUAISEACHT CHEARTA SIBHIALTA
NA GAELTACHTA





**Toghcháin v Ainmniúcháin**

An fís a bhí ann i gcónaí don Údarás ná go mbeadh sé ina ghuth don phobal, ag labhairt le húdarás mhuintir na Gaeltachta, seachas mar údarás Stáit brúite ar an nGaeltacht.

Daonlathas don phobal a bhí i gceist seachas ionadaithe an Aire.

B'ait linn mar sin, agus é aitheanta ag an Rialtas gur chóir toghcháin a thabhairt ar ais, nach bhfuil siad ag iarraidh go mbeidh an Bord tofa ina iomlán, ach 10 baill tofa le seisear baill ainmnithe in éineacht leo anuas ar Chathaoirleach roghnaithe ag an Aire.

Níor tugadh míniú ariamh don mheascán seo, nó don gá le baill neamhtofa. Ní bheadh a leithéad sásúil in aon eagras tofa eile, ar nós comhairle contae nó cathrach, go gcuirfeadh Aire cúpla roghnúcháin ag suí ar chomhchéim le ionadaithe tofa ag an phobal.

Má tá an Bord in ainm is a bheith ag déanamh ionadaíocht thar cheann mhuintir na Gaeltachta, cén ról a bheadh ag ionadaithe neamhtofa? An mbeadh siad ann chun meon an Aire a chur chun cinn i gcoinne toil an phobail? Más rud é go bhfuil deichniúir ann ón phobal agus seachtar ag brú cás an Aire, ní bheidh an Bord ina ghuth láidir don phobal féin. Ní léir cén fáth ar gá guth a thabhairt don Aire ar an mBord ach oiread, toisc go bhfuil guth láidir ag an Aire cheana féin ag dáileadh maoiniú don Údarás, ag réiteach polasaithe agus ag rith reachtaíocht.

Nó an é go mbeadh siad roghnaithe toisc saineolas nó taithí ar leith? Tá gá le saineolaithe agus daoine le taithí i bhfeidhmeannas agus riaracháin an Údaráis cinnte, agus ba chóir don Bhord éisteacht le saineolas agus fáil a bheith acu air, ach ní bheadh sé ceart ná cóir Bord a struchtúrú ionas go mbeidh deighilt idir ionadaithe an phobail agus na saineolaithe.

An saineolas atá uainn ón mBord féin ná guth an phobail.

Ní hé go bhfuil comhréiteach ag teastáil idir seanchóras na dtoghchán agus an córas roghnúcháin a bhí i bhfeidhm le déanaí, nó ceim chun cúl a ghlacadh chun córas hibrideach a chur ar bhun arís. Aontaítear go forleathan nach raibh maitheas ag baint leis an mbord roghnaithe, sin an fáth go dteastaíonn athdhaonlathú anois.

Molann Sinn Féin nár chóir ach baill tofa thar cheann phobail Gaeltachta a bheith ar an mBord.

***Má tá ainmniúcháin i gceist***

Tá Sinn Féin glan in aghaidh ainmniúcháin a bheith curtha ar Bhord an Údaráis ar chomhchéim leis na baill tofa. Ach, toisc go bhfuil dréacht reachtaíocht an Rialtais ag moladh ainmniúcháin, i gcás ina bhfuil ainmniúcháin ann áfach, ba chóir go mbeadh ról ag Comhchoiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta, agus Phobail Labhartha na Gaeilge sa phróiseas ar nós mar a tharlaíonn le roinnt de na hainmniúcháin do Bhord TG4.

Ba chóir go léireodh iarrthóir do ról ainmnithe, más ann dóibh, taithí agus saineolas a chuirfeadh le feidhmeanna an Údaráis anuas ar ionadaithe tofa, go háirithe san fhorbairt gheilleagrach agus tionscail, sa phleanáil teanga, agus san fhorbairt phobail. Ní mór dóibh leibhéal B2 nó níos airde sa Ghaeilge a léiriú freisin.

Tá gá le guthanna saineolach chun comhairle a thabhairt don Bhord tofa, ach ní gá go mbeadh na saineolaithe sin ar an mBord féin. Má dhéanann an Rialtas neamhaird ar an moladh seo, ba chóir dóibh ar a laghad cloí leis an bpróiseas roghnúcháin thuasluaite.

**Toghcheantair agus Suíocháin: Briseadh Síos**

***Ceantair Beaga***

An bunús le toghcháin a thabhairt ar ais don Údarás ná gur gá go mbeadh baill an Bhoird fréamhaithe go háitiúil ag déanamh ionadaíocht thar cheann a bpobail áitiúil.

Tacaíonn Sinn Féin le moladh an Rialtais gur chóir go mbeadh suíochán buan ar a laghad ag gach ceann de na contaetha ina bhfuil Gaeltacht níos lú iontu, ar nós Gaeltacht na Mí, Gaeltacht na nDéise, agus Gaeltacht Chorcaí, anuas ar na cinn móra.

É sin ráite, aontaíonn Sinn Féin leis an mbuairt atá léirithe go háirithe ag pobal Ghaeltacht Uíbh Ráthach i gContae Chiarraí go mbeadh ceantracha beaga Gaeltachta scartha ar mhórGhaeltacht an chontae fágtha ar láir sa struchtúr atá molta.

Tá sé mífhéaráilte go mbeadh beagnach an daonra ceannan céanna ag Gaeltacht Uíbh Ráthach (1,808) le Gaeltacht na nDéise (1,816) agus Gaeltacht na Mí (1,857) agus suíocháin ar leith acu siúd ach muintir Uíbh Ráthach fágtha ar láir toisc gur beag seans a mbeadh ionadaí uathu iomaíocht i gcomparáid le daonra Corca Dhuibhne (6,948) do shuíochán amháin Chiarraí. Is mar an gcéanna a bheadh cúrsaí i nGaeltacht Acla (2,141) in iarthar Mhaigh Eo caite isteach le hiartuaisceart Mhaigh Eo (7,199).

I gcás deisceart Mhaigh Eo, atá scartha ó na codanna eile de Chontae Mhaigh Eo, ach atá nasctha go tíreolaíoch le Cor na Móna agus Gaeltacht na Gaillimhe mar chuid de limistéar pleanála teanga Dhúiche Sheoigheach agus Tuar Mhic Éadaigh, ní chóir pobal an limistéar pleanála teanga sin a dheighilt óna chéile, ach a choimeád in éindí le hiarthar na Gaillimhe mar chuid de Chonamara.

Mar sin, ba chóir go mbeadh suíochán amháin ar a laghad ag aon cheantar Gaeltachta atá scartha amach go tíreolaíoch ón chuid eile den chontae atá sa Ghaeltacht, ach ag a bhfuil daonra sa cheantar sin a bheadh i dteideal suíochán ann féin dá mbeadh sé i gcontae ann féin. Bheadh feidhm ag an riail seo ar cheantair Gaeltachta Mhaigh Eo, Chiarraí agus na Gaillimhe.

***Gaillimh***

Bhí toghcheantair na Gaillimhe ina chnámh spáirne le linn don toghcháin deireanach, toisc go raibh buairt ann faoin dtionchar a bhí ag an daonra gan Gaeilge sa chathair ag tarraingt suíocháin ó mhuintir Gaeltachta an chontae. Ní raibh forbairt chathair na Gaillimhe ariamh in ainm is a bheith mar thosaíocht don Údarás, go háirithe leasa an phobail labhartha Béarla sa chathair.


Agus 54% de dhaonra na Gaeltachta i nGaillimh lonnaithe i 3 limistéir pleanála teanga timpeall na cathrach nó soir uaithi – Bearna Cnoc na Cathrach, Bruach Thoir na Cathrach agus An tEachréidh – tá baol ann go mbeadh triomlach na vótaí caite i dtreo iarrthóirí ansin. Gan ach 3 comhaltaí molta ag an Rialtas do Ghaillimh, seans nach mbeadh dóthain vótaí ag mhuintir Chonamara siar ó Bhearna – croílár na Gaeltachta ina bhfuil 23,075 duine ina gcónaí ann – ach chun ionadaí amháin a thoghadh.

Bunaithe ar dhaonra, ba cheart go mbeadh i bhfad Éirinn níos mó ionadaíocht ag Conamara. Níl loighic le dáileadh suíocháin boird ina mbeadh an ionadaíocht céanna ag 50,570 duine i nGaillimh (3 suíocháin) agus 7,605 duine scapaithe timpeall an Mhí, Déise na Mumhan agus Corcaigh.

Céim chun cúl a bheadh ann freisin ar an ionadaíocht a bhí ag muintir na Gaillimhe nuair a bhí toghcháin i bhfeidhm suas go 2005: 6 suíocháin a bhí acu an tráth sin.

In áit suíocháin a chur amú ar ainmniúcháin an Aire, molann Sinn Féin go mbeadh siad go léir tofa, agus go mbeadh méadú ar líon na suíochán fud fad na Gaeltachta, Gaillimh san áireamh.

De reir an aitheantas molta do cheantair scartha na Gaeltachta mar thoghcheantair iontu fein, ba chóir Gaeltacht na Gaillimhe a roinnt idir iarthar (Conamara, ag cuimsiú Deisceart Mhaigh Eo agus Bearna Cnoc na Cathrach freisin) agus oirthear (An tEachréidh & Bruach Thoir na Cathrach).




Mar is léir sa chomparáid thuas idir mholadh an Rialtais agus toghcheantair molta Shinn Féin, bheadh tionchar na gceantar cathrach (gorm) laghdaithe go mór, agus é roinnte ina dhá leath, agus bheadh móramh cinniúnach ag pobal Gaeltachta Chonamara, agus móramh fíorbheag fiú ag pobal an Eachréidh tuaithe, ina dtoghcheantair féin. Bheadh deis ann nasc níos láidre a chothú idir an phobal leochaileach labhartha Gaeilge sna bruachbhailte den chathair agus na ceantair tuaithe Gaeltachta máguaird dóibh, agus a bhféiniúlacht Gaeltachta a threisiú, seachas an chathair a bheith mar lár agus fócas an toghcheantair ag ceangail na ceantair ar fad le chéile.

***Oileáin***

Fadhb eile a bhí nochtaithe sna toghcháin deireanach a bhí ann don Údarás ná an easpa guth do mhuintir oileánda na Gaeltachta. Agus iad roinnte idir toghcheantair éagsúla, ní raibh dóthain vótaí acu ar aon oileán amach ón chósta chun suíochán a bhaint amach leo féin, ach tógtha le chéile tá daonra 1,961 ag na limistéar pleanála teanga a bhaineann le hoileáin amach ón chósta amháin – Árainn Mhór, Tóraigh, Oileáin Árainn agus Cléire. Sin daonra níos mó ná Gaeltacht na nDéise, Gaeltacht na Mí nó Gaeltacht Uíbh Ráthach.

| Oileán | Daonra | Daonra | Contae | % den daonra |
|---|---|---|---|---|
| Árainn Mhór | 469 | 588 | Dún na nGall (23,346) | 2.5% |
| Tóraigh | 119 | | | |
| Árainn | 762 | 1226 | Gaillimh (50,570) | 2.4% |
| Inis Oírr | 281 | | | |
| Inis Meáin | 183 | | | |
| Cléire | 147 | 147 | Corcaigh (3,932) | 3.7% |

Ní bheadh sé praiticiúil áfach na hoileáin seo go léir a tharraingt faoi scáth toghcheantar oileánda amháin, scapaithe ó Thóraigh i dTír Chonaill chomh fada le Cléire i gCorcaigh. Fiú murach go mbeadh móramh buan ag Oileáin Árainn, rud a neamhnódh aon bhuntáiste dos na hoileáin eile páirt a ghlacadh sna toghcháin mar seo, tá nasc daingean ag oileáin leis na gceantair intíre sa chontae ina bhfuil siad lonnaithe, agus ba chóir go mbeadh comhaltaí a gcontaetha mar ionadaithe acu freisin.

Mar sin, molann Sinn Féin go mbeadh 2 vótaí ag muintir na n-oileán seo: vóta amháin sa toghcheantar ina bhfuil an oileán lonnaithe chun comhalta boird a thoghadh, agus vóta eile chun

ionadaí don oileán sin a thoghadh. Chun cothrom na Féinne agus guth a chinntiú do gach oileáin, tá Sinn Féin ag moladh go ndéanfar malartú eatarthu i rithe téarma an Bhoird mar chomhalta breathnadóra ar Bhord an Údaráis thar cheann na n-oileán ar fad: sé sin le rá go mbeadh ceart acu páirt a ghlacadh sa phlé ach gan vóta toisc go bhfuil vóta ag na ionadaithe toghcheantair tofa thar a gcinn cheana féin

Glactar leis go dtagann oileáin eile níos giorra don chósta agus nach bhfuil ach fíorbheagán daonra faoi scáth limistéir pleanála teanga intíre, agus nach bhfuil an easpa ionadaíochta céanna i gceist leo.

***Dáileadh Suíocháin***

Níl an córas dáileacháin do shuíocháin, mar atá molta ag an Rialtas, bunaithe ar aon loighic eolaíoch. Tá ceantair le daonra mór (Gaillimh – 50,570 duine, 3 suíocháin) ar an ionadaíocht céanna le ceantair ina bhfuil daonra i bhfad níos lú (An Mhí + Port Láirge + Corcaigh – 7,605 duine, 3 suíochain), agus tá ceantair eile (Iarthar Mhaigh Eo / Gaeltacht Acla – 2,141; Deisceart Chiarraí / Gaeltacht Uíbh Ráthach – 1,808) timpeall an daonra céanna le Gaeltacht na Mí (1,857) nó Gaeltacht na nDéise (1,816), ach ní bheidh ionadaíocht ar bith acu agus níl an daonra mór go leor acu guth láidir a bheith acu chun difear a dhéanamh i dtoghcheantar ina bhfuil ceantair i bhfad níos mó daonra iontu.

Ina theannta sin, ní bheidh aon solúbthacht i gceist i moladh an Rialtais sa chás a tharlaíonn athrú daonra amach anseo, agus mar sin bheadh ar Thithe an Oireachtais tabhairt faoin reachtaíocht féin a athrú chun líon na suíochán a shocrú i gceart.

Chun dul i ngleic leis na heasnaimh seo go léir, tá Sinn Féin ag moladh córas loighiciúil bunaithe ar dhaonra na gceantar, ach ag cinntiú freisin go mbeidh ionadaíocht ag gach limistéar pleanála teanga scartha Gaeltachta agus nach mbeidh iomarca tionchar ar an mBord ag aon chontae amháin.

Séard atá molta againn ná:

- Suíochán amháin an toghcheantair do gach 5,500 duine ina gcónaí ann;
- Suíochán amháin do thoghcheantair nach bhfuil 5,500 duine ina gcónaí ann; agus
- Suíochán breise don toghcheantar is mó daonra i ngach contae seachas an contae is mó daonra (Gaillimh).

Is féidir torthaí an chórais seo a fheiceáil i dTábla 1 ar leathanach a 6.

Bheadh sé mar ról ag an gCoimisiún Toghcháin na suíocháin a athdháileadh de réir torthaí daonáirimh amach anseo, ionchur ó Chomhchoiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobail Labhartha na Gaeilge, agus leasú Oireachtais ar na toghcheantair.

***Teorannacha na Gaeltachta***

Cabhróidh an riachtanas B2+ d'iarrthóirí agus comhroinnt na Gaillimhe le tionchar na gceantar Béarla a laghdú, ach beidh a lán ionadaíocht agus cumhacht fós ar an mBord ag ceantracha le daonra mór ach beagán Gaeilgeoirí ina gcónaí iontu.

Glacann na moltaí seo le teorannacha na Gaeltachta mar atá aitheanta faoi láthair, agus creideann Sinn Féin gur chóir deis a thabhairt do iarrachtaí pleanála teanga atá idir láimhe faoi láthair sula nglactar le haon chinneadh stádas Gaeltacht a bhaint nó an Ghaeltacht tíreolaíoch a laghdú athuair.

É sin ráite, beidh deis againn sa phlé ar an mBille seo díospóireacht a bheith againn faoi cad atá i gceist leis an nGaeltacht, go háirithe i gcomhthéacs na gceantar ina bhfuil an lámh in uachtar fáighte ag an nBéarlú iontu i gcomparáid le ceantair níos láidre Gaeltachta, agus ról na mBailte Seirbhíse

Gaeltachta a dhéanann freastal ar cheantair Gaeltachta agus atá tábhachtach in obair an Údaráis, agus na Líonraí Gaeilge freisin a thagann faoi scáth Fhoras na Gaeilge ach ina bhfuil pobail láidre Gaeltachta uirbeacha ar nós in iarthar Bhéal Feirste san áireamh.

Deis a bheidh ann plé a dhéanamh ar moltaí a bhí déanta leis na blianta ó thaobh rangú nó ateorannú na gceantar Gaeltachta de de réir an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch agus freisin mar gheall ar Údarás na Gaeilge agus na Gaeltachta a dhéanfadh freastal ar fhorbairt na gceantair Gaeltachta uirbeacha nó lasmuigh den Ghaeltacht tíreolaíoch atá faoi chúram an Údaráis reatha.

Ní dhéanann na moltaí san aighneacht seo deileáil leis na moltaí sin áfach, ach aontaíonn Sinn Féin nár chóir go gcuirfeadh an Bille seo bac ar athruithe amach anseo más gá.

**Téarmaí**

Fáiltíonn Sinn Féin roimh chinneadh an Rialtais glacadh lenár moladh toghcháin an Údaráis a rith go comhuaineach leis na toghcháin áitiúil agus Eorpach, agus téarmaí cúig bliana ag baill tofa.

Creideann Sinn Féin áfach gur chóir an cinneadh a fhágáil don phobal duine a atoghadh nó a chaitheamh as oifig, sa chaoi céanna is atá de cheart acu in aon toghcháin eile sa Stát seo, seachas srian a chur ar líon téarmaí ceadaithe do chomhaltaí tofa ar nós gur gnáthbhord stáit atá i gceist.

Má tá daoine ceapaithe ag an Aire áfach, ba chóir go mbeadh srian téarmaí i gceist dóibh siúd, mar atá le ceapacháin eile Aire. Ní chóir go mbeadh níos mó ná dá téarmaí ag comhalta ainmnithe.

Sa chás sin freisin, ba chóir go ndéanfar a dtéarmaí a thosú i lár téarmaí na baill tofa, ionas go mbeidh céimniú i gceist sa chaoi is go mbeidh daoine le taithí boird i gcónaí i láthair atá in ann deileáil leis an bhfeidhmeannas, seachas bord iomlán úr gach cúig nó deich mbliana.

Sa chás ina bhfuil Cathaoirleach roghnaithe ag an Aire óna baill ainmnithe féin, ba chóir go mbeadh srian i gceist de théarma amháin don Chathaoirleach.

**Critéir do Thoghthóirí & Iarrthóirí**

Creideann Sinn Féin go láidir sa phrionsabal "vóta amháin an duine".

Mar sin, ní mholann Sinn Féin go mbeadh aon choinníollacha ag baint le vóta a chaitheamh seachas go bhfuil cónaí orthu sa thoghcheantar ina gcaitear vóta.

Le haghaidh iarrthóirí, áfach, ní mór a léiriú go mbeidh siad in ann feidhmiú trí mheán na Gaeilge ar Bhord an Údaráis agus iad ag déanamh ionadaíocht thar cheann an phobail labhartha Gaeilge. Mar sin, tacaíonn Sinn Féin go hiomlán le moladh an Rialtais go mbeidh coinníoll ar iarrthóirí leibhéal inniúlachta B2 nó níos airde de réir an Chomhchreat Tagartha Eorpach do Theangacha a léiriú.

Aontaíonn Sinn Féin freisin leis an Rialtas maidir leis an mholadh go mbeadh cónaí ag iarrthóir sa cheantar ina bhfuil siad ag rith.

Chun daonlathas agus guth an phobail a chinntiú, ba chóir go mbeadh gach duine atá cónaí orthu sa Ghaeltacht, a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge cruthaithe acu, in ann iad féin a chur chun cinn mar iarrthóir.

Ba chóir go reachtálfar toghcháin don Bhord ar fad trí mheán na Gaeilge agus ba chóir go mbeadh aon stocaireacht nó feachtasaíocht ag iarrthóir, agus faisnéis ballóide agus toghchánaíoch a bhaineann leis na toghcháin seo, go léir as Gaeilge.

Bheadh an Coimisiún Toghcháin freagrach as na coinníollacha a chinntiú i gcás iarrthóirí a dheimhniú, coimhlint leasa agus caiteachais a rialú, agus as an próiseas toghchánaíochta a reachtáil.

Tá gá le macnamh a dhéanamh ar cad a theastaíonn ó ball Bhoird don Údarás, ó thaobh ama de agus freisin maidir le cé chomh dírithe is gá dóibh a bheith ar chás na Gaeltachta agus feidhmiú an Údaráis. Braitheann sé seo ar dhualgais agus cumhachtaí an Bhoird.

Seasann Sinn Féin in aghaidh an dé-shainordú (dual mandate) toisc gur chóir go mbeadh ionadaithe tofa dírithe ar a lán ndícheall a dhéanamh do leasa agus fónaimh a dtoghcheantar agus an post a tugadh dóibh a chomhlíonadh ina iomlán.

Tá Sinn Féin ag lorg go mbeadh Bord an Údaráis ag feidhmiú lá i ndiaidh lae do phobal na Gaeltachta. Ní gnáthbhord Stáit atá i gceist anseo ina mbeadh trí nó ceithre cruinnithe acu in aghaidh na bliana. Tionól don phobal Gaeltachta, sin a bhí i gceist le Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta ó thús, agus sin atá ag teastáil anois fós.

Molann Sinn Féin go mbeadh imscrúdú ar dhualgais ama agus ar choinníollacha na n-ionadaithe tofa seo, go háirithe i gcomhthéacs an phlé a theastaíonn ar chumhachtaí an Údaráis.

Tá ceist le freagairt freisin faoi bhoird stáit eile. An féidir le duine a bheith freagrach as cur chun cinn leasa an phobail áitiúil Gaeltachta agus a bheith ar bhord eagrais stáit eile atá ag déanamh sárú ar na gcearta sin? Caithfear a chinntiú nach bhfuil coimhlint leasa i gceist agus nach bhfuil an iomarca ualach boird ar an t-é céanna sa chaoi is nach mbeidh siad in ann feidhmiú i gceart mar bhall tofa.

Agus Sinn Féin ag moladh go reachtálfar toghcháin don Bhord ag an am céanna le toghcháin áitiúil agus Eorpach, caithfear a chinntiú nach ndéanfar neamhaird ar thábhacht an Bhoird i measc na n-eagras agus na dtoghchán eile. Bhí ardlíon vóta in a lán ceantair Gaeltachta fad is a bhí na toghcháin don Údarás socraithe i mbliain iontu féin i 2005, agus ba chóir iarracht a dhéanamh suim ard i measc an phobal a spreagadh maidir leis an Údarás.

Go hiondúil, ceadaítear d'iarrthóir rith i ngach toghchán, ach níl cead suí, mar shampla, ar Chomhairle Contae agus sa Dáil mar TD ag an am céanna. Má ghlacann Comhairleoir le suíochán Dála, déantar comharbú ar an suíochán sa Chomhairle. Ciallaíonn sé seo áfach nach mbíonn ról ag an pobal ag roghnú an Comhairleoir nua, agus sa cás ina mbíonn an dá toghcháin comhuaineach lena chéile, bheadh sé tubaisteach dá dtoghfá scata baill don Bhord ach go roghnódh siad go léir suí ar Chomhairle Contae ina áit, agus cuid mhór den Bhord ansin a bheith déanta suas chomh luath agus a cruinníonn an Bord don chéad uair de dhaoine nach raibh tofa.

Chun teacht timpeall ar sin, ba chóir go mbeadh na bunchoinníollacha céanna i gceist do bhall a thagann i gcomharba ar bhall eile is atá ar an iarrthóir, sé sin go mbeadh inniúlacht B2 nó níos airde sa Ghaeilge acu agus cónaí nó obair acu sa Ghaeltacht.

Is féidir smaoineamh ar chóir liosta comharbais a bheith foilsithe ag iarrthóirí ar nós mar a dhéanann iarrthóirí do thoghcháin an Aontais Eorpach.

**Cothromaíocht Inscne**

Tacaíonn Sinn Féin go mór le hiarrachtaí cothromaíocht inscne a chinntiú ar bhoird Stáit agus a chur chun cinn sa pholaitíocht go ginearálta.

Ba í Gráinne Mhic Géidigh, nach maireann, an chéad ball baineann agus an chéad ionadaí Shinn Féin riamh a bhí tofa ag phobal na Gaeltachta le suí ar Bhord Údarás na Gaeltachta nuair ar toghadh í sa bhliain 2005 mar ionadaí ag Dún na nGall. Bhí fadhb i gcónaí ann ó thaobh cothromaíocht inscne nuair nár toghadh bean ar bith eile riamh fad is a bhí toghcháin i bhfeidhm do Bhord an Údaráis.

Ceist casta atá ann conas cothromaíocht isncne a chur chun cinn i Bhord nua an Údaráis. Is mór an trua nár mhol an Rialtas aon roghanna éagsúla nó tuairimí fiú faoi conas é sin a dhéanamh, agus iad ag tabhairt dualgas don Chomhchoiste Oireachtais teacht timpeall ar fhadhb nach raibh siad sásta tabhairt faoi iad féin.

Tá Sinn Féin ag moladh go mbeidh an Bord iomlán tofa, agus ní leigheas sásúil a bheadh ann dá ndéanfar ainmniúcháin a chur ar an mbord ar mhaitheas le cothromaíocht iscne. Seachas “fir an phobail” agus “mná roghnaithe ag an Aire” a bheith ar an mBord, mar shampla, ní mór dúinn a chinntiú go ndéanfar ionadaíocht ar mhná an phobail chomh maith, agus go bhfuil guthanna baineann ón phobal ag cur leasa na Gaeltachta chun cinn freisin.

Ní gnáthbhord Stáit é seo ach guth tofa ar nós comhairle áitiúil.

Tá trí bealaí éagsúla aimsithe ag Sinn Féin chun tabhairt faoin gcothromaíocht inscne a chur chun cinn agus muid ag lorg Bord iomlán tofa.

1. Cúóta 50% baineann/50% fireann a chur i bhfeidhm in aon toghcheantar ina bhfuil 2, 4, nó 6 suíocháin ann, agus ar a laghad 30% i gcás toghcheantar ina bhfuil 3 nó 5 suíocháin ann.
2. Coinníoll a cheangail le haon eagrais a dhéanann iarrthóirí a ainmniú – páirtí polaitiúil nó eagrais pobail – go ndéanfaí siad ainmniúcháin de réir cothromaíocht inscne.
3. Go mbeadh dá vótaí ag gach toghthóir, vóta amháin don toghcheantar, agus vóta eile do liosta uileGhaeltachta, agus bunaithe ar chóras uberhang na Gearmáine déanfar suíocháin breise ar an mBord a chothú do na daoine is mó vótaí ar an liosta seo ón inscne is lú tofa sna toghcheantair chun teacht suas le íosmhéid 40% den inscne sin ar an iomlán ar an mBord.

Tá buntáistí agus míbhuntaistí ag baint le gach ceann de na roghanna seo, ach ar a laghad i ngach cás bheadh na baill go léir tofa ag an phobal Gaeltachta agus ag feidhmiú mar ghuth dó.

Ní bheadh feidhm ar rogha uimh. 1 ar na toghcheantair beaga aon-suíocháin, agus ní bheadh feidhm ag rogha uimh. 2 ar iarrthóirí neamhspleách nó ar thoradh na dtoghchán, agus mar sin d’fhéadfadh nach mbeadh cothromaíocht inscne sásúil ar an mBord de thoradh orthu. Is cinnte go mbeadh cothromaíocht inscne ann sa deireadh de thoradh rogha uimh. 3, ach ní bheadh na hionadaithe chomh fréamhaithe go háitiúil, agus bheadh éiginnteacht ann faoi líon na gcomhaltaí boird go dtí tar éis na toghcháin agus bheadh bord rómhór de thoradh air.

Tá muid den tuairim gur chóir díriú ar mholadh uimhir a 1, toisc go mbeadh ar a laghad 11 (42%, nó 44% dóibh siúd le vóta ar an mBord) de na comhaltaí tofa ón insce is lú tofa dá nglacfar leis an gcóras toghcháin molta ag Sinn Féin (Tábla 1), níos airde fiú ná an riachtanas 40% ar bhoird stáit. Thiocfadh aon chomhalta tofa den inscne sin i dtoghcheantair aon-suíocháin anuas ar sin.

Braitheann éifeachtacht na gcúótaí inscne ar an gcóras toghcháin roghnaithe áfach, agus tá Sinn Féin ag súil go mór leis an deis cloisteáil ó saineolaí le linn don phlé ag Comhchoiste Oireachtais na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobail Labhartha na Gaeilge go luath.

**Cathaoirleach an Bhoird**

Tá Bord Údaráis na Gaeltachta in ainm is a bheith ina ghuth don phobal Gaeltachta, agus bíonn ról lárnach anseo ag Cathaoirleach an Bhoird ag labhairt thar cheann an Bhoird uilig agus mar sin thar cheann an phobail Gaeltachta.

In ainneoin go raibh sé de nós ag Airí Cathaoirligh a cheapadh, bíonn ról ag an Aire ag ceapadh agus ag treorú feidhmeannas an Údaráis cheana féin. Ba chóir go mbeadh an Cathaoirleach neamhspleách ón Aire má tá sé ceapaithe meon an phobail Gaeltachta a chur chun cinn, fiú nuair nach réitíonn sé sin le meon Aire an lae.

Mar sin, molann Sinn Féin go roghnódh Bord tofa an Údaráis ball tofa óna measc féin chun freastal orthu mar Chathaoirleach.

Caithfear a chinntiú nach ag an ceantar is mó i gcónaí a bhíonn an Cathaoir freisin áfach, agus mar sin molann Sinn Féin go ndéanfar malatrú idir chontaetha chuile bliain maidir le cathaoirleacht an Bhoird.

Muna bhfuil an Rialtas sásta glacadh le ball tofa mar Chathaoirleach, ba chóir go roghnófar iad de réir próiseas na Seirbhíse Ceapacháin Phoiblí (PAS) bunaithe ar ardchaighdeán Gaeilge (B2+) agus taithí agus saineolas i gcúramaí an Údaráis (forbairt gheilleagrach agus tionscail, pleanáil teanga, forbairt phobail, go háirithe i gcomhthéacs na Gaeltachta).

Ba chóir go mbeadh ról ag Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobail Labhartha na Gaeilge i ndeimhniú an Chathaoirligh nua, agus go dtiocfadh an t-é roghnaithe ag PAS ós comhair an Chomhchoiste tar éis dóibh a bheith roghnaithe sula gceapfar go hoifigiúil iad.

Ba chóir go mbeadh an Bord in ann fáil réidh le Cathaoirleach freisin muna bhfuil muinín acu ann. Caithfear próiseas ina leith sin a leagadh amach sa reachtaíocht.

**Coistí**

Tá sé molta ag an Rialtas go mbeidh na baill Boird roinnte idir dhá Coiste Réigiúnacha, coiste amháin do Cúige na Mumhan, agus coiste eile do na ceantracha eile Gaeltachta.

Ní mór athbhreithniú athuair a dhéanamh ar an struchtúrú seo.

De réir moltaí an rialtais, ní bheadh ach 3 ball ar Choiste na Mumhan agus an 7 eile ar an gCoiste eile, agus ceantar i bhfad níos leithne agus níos mó daonra faoi chúram an Choiste níos mó.

Ní hamháin sin, ach ní bheadh Coiste na Mumhan ach ag deileáil le 5 limistéir pleanála teanga, fad is a bheadh an Coiste eile ag tabhairt faoi 21 acu.

Ní léir an bunús leis an deighilt seo, agus ní bheadh sé cothrom ionas go mbeidh comhaltaí boird in ann an ionadaíocht céanna a dhéanamh ar riachtanais a bpobail.

Mar sin, molann Sinn Féin go ndéanfar an Ghaeltacht a roinnt i 3 réigiúin ar leith:

1. Iarthuaisceart – Dún na nGall agus Maigh Eo (8 baill, 10 LPT)
2. Iarthar – Gaillimh agus Deisceart Mhaigh Eo (8 baill, 10 LPT)
3. Deisceart agus Oirthear – Ciarraí, Corcaigh, Port Láirge agus an Mhí (9 baill, 6 LPT)

Bheadh cead ag ionadaithe tofa na n-oileán suí mar chomhaltaí breathnadóra ar na gCoistí cuí.

Bheadh na réigiúin seo i bhfad níos cothoime ó thaobh baill de agus limistéir pleanála teanga faoina gcúraim.

Bheadh réigiúin an deiscirt agus an oirthir freisin ag déanamh freastal ar formhór na Gaeltachtaí beaga scartha óna chéile, áit a mbeadh roinnt de na fadhbanna céanna le sárú acu nach mbeadh sna ceantair níos mó. Bheadh na coistí réigiúnacha in ann obair as lámha a chéile leis na hoifigigh agus coistí pleanála teanga áitiúla, na cumainn forbartha phobail agus comharchumainn áitiúla, na húdaráis áitiúil, agus le lucht an tionscail agus fiontraíochta go háitiúil freisin, agus ag éisteacht le muintir na gceantar chomh maith.

Ba chóir go mbeadh Coiste Straitéiseach uileGhaeltachta ann freisin ina mbeadh baill den Bhord tofa in ann dul i mbun comhairle leo siúd atá saineolach ar na príomhábhair faoina gcúram:

- ionadaí roghnaithe ag IDA Ireland agus Fiontar Éireann chun a chinntiú go bhfuil an t-Údarás chun tosaigh ar an méid atá ar bhun ag na heagrais sin agus ag fáil cúnamh uathu;
- ionadaí tofa ag na hoifigigh pleanála teanga go léir; agus
- ionadaí roghnaithe ag na gcomharchumainn agus na gcumainn forbartha phobail go léir.

Ba chóir go mbeadh saoirse ag an mBord ionadaithe a lorg ó cibé eagrais stáit eile atá ag teastáil chun cur chuige straitéiseach uileRialtais a chinntiú chun cás na Gaeltachta a thabhairt slán, más cúrsaí oideachais nó sláinte nó tithíochta atá i gceist, agus go gcuirfeadh na heagrais ábhartha ionadaí ar fáil chun an comhordanú sin a éascú.

Freisin, má glactar leis an moladh ag Sinn Féin cumhachtaí nua, ar nós an ról mar eagras comhairleach reachtúil, a bhronnadh ar an eagras, agus comhaltaí a chumhachtú ar chomhstádas le comhairleoirí contae, nó fiú má fhágtar iad leis na cúramaí atá acu faoi láthair, ba chóir go mbeadh sé de cheart ag Bhord an Údaráis tar éis dó bheith tofa iad féin a eagrú ina gcoistí ábhartha, ar nós mar a dhéanann údaráis áitiúil, de réir a bhuan-orduithe féin.

**Cumhachtaí an Údaráis**

Tá cúramaí Údaráis na Gaeltachta tar éis fás leis na blianta anuas, go háirithe agus struchtúr ar leith faoina scáth don phleanáil teanga. Mar sin tá sé níos tábhachtaí ná ariamh a chinntiú go bhfuil guth an phobail lárnach ag stiúradh forbairt na Gaeltachta.

É sin ráite, tá deis againn leis an mBille nua seo plé a bheith againn faoi chúramaí agus feidhmeanna an Údaráis. An leor iad mar atá? Má tá guth níos láidre le bheith ag an bpobal, ar chóir dúinn cúramaí breise a thabhairt don eagras ar mhaitheas le cur leis an daonlathas áitiúil Gaeltachta?

Agus Sinn Féin ag ullmhú don phlé seo, d'iarr urlabhraí Gaeilge agus Gaeltachta an pháirtí Aengus Ó Snodaigh TD ar Sheirbhís Leabharlainne agus Taighde an Oireachtais imscrúdú a dhéanamh ar eagrais eile do phobail mionlaigh teanga chun fáil amach an bhfuil difear mór idir na cúramaí éagsúla faoina stiúir. Is cosúil nach bhfuil aon eagras díreach den chineál céanna le hÚdarás na Gaeltachta, ach mar bhall den Aontas Cónaidhmeach na Náisiúntachtaí Eorpacha (FUEN) aithnítear go bhfuil comheagrais ann fud fad na hEorpa, idir eagrais Stáit agus neamhRialtais.

Bíonn róil éagsúla ag na heagrais seo maidir le cúrsaí timpeallachta, cúrsaí mean, comhionannas, cearta an duine, forbairt inmharthanach, rannpháirtíocht polaitiúil, agus cúrsaí pleanála.

Is minic a bhíonn eagrais mar seo freagrach as cúrsaí oideachais agus cultúir go háitiúil don phobal mhionlaigh teanga, agus leabharlainn nó cultúrlainn á rith dóibh.

Aithníonn an Polasaí don Oideachas Gaeltachta go bhfuil ról ag Údarás na Gaeltachta ag tacú le soláthar oideachas ar ardchaighdeán don phobal Gaeltachta go háirithe sna luathbhlianta, ach freisin sa bhunscoil, san iarbhunscoil, agus ó thaobh rannpháirtíocht an phobail de, in ainneoin nach bhfuil béim ar chúrsaí oideachais mar chuid d'fheidhmeanna an Údaráis féin.

Sin gan trácht ar thábhacht na gcoláistí samhraidh don Ghaeltacht, éarnáil a shaothraíonn idir €50 agus €60 milliún do gheilleagar na Gaeltachta in aghaidh na bliana. Tá géarchéim le sonrú san éarnáil seo, agus 30% de mhná tí tar éis éirí as ó 2018.

B'fhéidir gur chóir ról an Údaráis sna héarnálacha oideachasúla go léir seo a threisiú, chun a chinntiú go bhfuil forbairtí polasaí bunaithe ar ghuth an phobail Gaeltachta a thuigeann an comhthéacs.

I gcás an phobal Sámi sna Críocha Lochlannacha, bíonn dualgas ar an Stát dul i mbun comhairle leis an phobal mionlaigh maidir le haon ábhair tabhachtach a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar stádas an phobail sin, agus bíonn cead ag Parlaimint Sámi moltaí a chur chun cinn do na húdaráis.

Molann Sinn Féin go mbeadh Bord an Údaráis ina eagras comhairleach reachtúil, agus go mbeadh dualgas ar aon eagras stáit atá ag ullmhú beartas tábhachtach ar bith a féadfadh tionchar a bheith aige ar inmharthanacht phobal na Gaeltachta an beartas sin a phlé leis an mBord agus deis a thabhairt don Bhord tuairimí agus moltaí a thabhairt agus leasuithe a mholadh thar cheann an phobail Gaeltachta sula gcuirtear i bhfeidhm é.

Sa chás ina bhfuil beartas i bhfeidhm ag eagras stáit atá ag déanamh dochar don Ghaeltacht agus do labhairt na Gaeilge inti, ba chóir go mbeadh cumhacht ag Bord an Údaráis an eagras sin a tharraingt ós a gcomhair chun an cas a phlé agus réiteach a lorg, nó gearáin a dhéanamh leis an gCoimisinéir Teanga nó le Tithe an Oireachtais thar cheann an phobail Gaeltachta muna bhfuil réiteach sásúil curtha i bhfeidhm.

Bheadh Bord an Údaráis in ann deileáil le beartais nach mbaineann ach le ceantair ar leith Gaeltachta tríd an gCoiste Réigiúnach cuí.

Go minic, déanann comhairlí contae agus cathrach atá freagrach as ceantar Gaeltachta neamhaird ar chás na Gaeltachta. Ba chóir go mbeadh suíochán breathnadóra gan vóta ag duine de na comhaltaí Boird ar gach údarás áitiúil atá freagrach as ceantar Gaeltachta, chun guth agus tuairimí an phobail Gaeltachta agus Bhord an Údaráis a chur chun cinn le linn don díospóireacht iontu. Sa chás ina bhfuil níos mó ná comhalta Boird amháin sa chontae sin, is féidir le comhaltaí an toghcheantair sin duine acu féin a roghnú don chúram seo, nó an ról sin a mhalartú eatarthu.

Ba chóir go mbeadh feidhmeannas an Údaráis freagrach don Bhord freisin, agus go mbeadh deis ag an mBord easpa muiníne a léiriú san fheidhmeannas muna bhfuil siad sásta go bhfuil leasa an phobail Gaeltachta curtha chun cinn acu.

Ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil trédhearcacht ann agus go ndéanann Bord agus feidhmeannas an Údaráis maraon iarracht an phobal a dhaingniú leis na próisis go léir, fáilte a chur rompu agus roimh na meáin ag cruinnithe, agus rannpháirtíocht a spreagadh i gcinnithe an Údaráis. Ba chóir go mbeadh buanú an daonlathais áitiúil Gaeltachta mar freagracht ar leith ag an Údarás agus na toghcháin á thabhairt ar ais.

Tá Sinn Féin ag súil go mór leis an deis plé níos cuimsithí a bheith againn ag Comhchoiste an Oireachtais maidir le cúramaí an Údaráis. Ní fiú tráithnín é plé ar struchtúrú agus comhaltas an eagrais muna bhfuil athrú ó bhun i gceist chun guth láidir a thabhairt don phobal agus chun dul i ngleic le géarchéim sochtheangeolaíoch na Gaeltachta agus an Ghaeltacht a thabhairt slán.

**Buiséad**

Tá Údarás na Gaeltachta freagrach as forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta, agus déanann an tÚdarás iarracht an Ghaeilge a chaomhnú agus a láidriú mar theanga beo trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh cruthaithe fostaíochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí pobail, cultúrtha agus teangabhunaithe.

Bhí an bearna idir maoiniú caipitil IDA Ireland agus Údarás na Gaeltachta ardaithe ó 3:1 go 14:1 laistigh den 10 mbliain ó 2009 go 2019, sular tháinig Covid-19 ar an bhfód fiú, agus is léir go bhfuil géarghá lena réiteach sna blianta atá amach romhainn. Cuireann sé sin stop le huaillmhian an Údaráis i leith forbairt tionsclaíoch a lonnú sa Ghaeltacht, agus ní féidir leis dul san iomaíocht le ceantair eile in Éireann chun deiseanna fostaíochta a chruthú agus comhlachtaí ilnáisiúnta a mhealladh le bonneagair don nua-aois.

Tacaíonn maoiniú reatha an Údaráis le comharchumainn agus eagraíochtaí forbartha pobail fud fad na Gaeltachta, agus ba mhiste le Sinn Féin borradh a chur leis an bhforbairt maoine pobail sa Ghaeltacht mar chuid den tacaíocht seo. Feiceann Sinn Féin ról freisin don Údarás ag mealladh oibritheoirí le Gaeilge ó lasmuigh den Ghaeltacht athlonnú agus tabhairt faoin saol i bpobail Gaeltachta.

I mBuiséad Malartach Shinn Féin do 2023, mhol Sinn Féin €3.5 milliuin breise caipitil, agus €1.67 milliúin breise reatha, a mhaoiniú don Údarás, chun cur leis an obair ríthábhachtach seo.

Anuas ar sin, bhí €2 milliúin breise beartaithe againn don Phleanáil Teanga fud fad na tíre, le €1.425 milliúin dó sin le bheith dírithe ar an phleanáil teanga sa Ghaeltacht, atá faoi chúram an Údaráis.

Bhíomar ag súil go go bhfaighfeadh gach ceann den 26 Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta €50,000 breise dá bpleananna teanga i 2023, anuas ar an maoiniú atá beartaithe dóibh cheana féin. Freisin, bhíomar ag lorg €25,000 breise le haghaidh gach cheann den 5 Baile Seirbhíse Gaeltachta a bhí fógartha ag an am chun cúnamh a thabhairt na bailte sin a chur in oiriúint don ról atá acu i saol na Gaeilge don phobal Gaeltachta.

Sa deireadh thiar thall, níor fhógair an Rialtas ach €250,000 breise don Údarás mar chuid de Cháinaisnéis 2023.

Ní fiú a bheith ag caint faoi Údarás na Gaeltachta a athstruchtúrú agus toghcháin a thabhairt ar ais, nó cumhachtaí breise a thabhairt dó, má tá sé fós i gceist ag an Rialtas neamhaird a thabhairt ar riachtanais maoinithe an eagrais agus an phobail Gaeltachta.

www.sinnfein.ie




## Aengus Ó Snodaigh TD

Urlabhraí Gaeilge, Gaeltachta, Ealaíon agus Cultúir
Cathaoirleach, Comhchoiste Oireachtais na Gaeilge,
na Gaeltachta agus Phobail Labhartha na Gaeilge

**aengus.osnodaigh@oireachtas.ie**
**01-6184084**